III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

TUAIRIM Uimh. 7/2012

i ndáil le moladh le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag tabhairt isteach, ar ócáid aontachais na Cróite, bearta speisialta sealadacha le haghaidh earcú oifigeach agus comhaltaí foirne sealadaigh an Aontais Eorpaigh

(de bhun Airteagal 336, CFAE)

(2012/C 364/01)

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 336 dá chuid,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (dá dtagraítear anseo thíos "na Rialacháin Foirne") ([1]),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2012 ([2]),

Ag féachaint d'iarratas na Comhairle ar thuairim ar an togra thuasluaite, a fuarthas ag an gCúirt an 11 Meán Fómhair 2012,

Ag féachaint do na tuairimí roimhe seo dá chuid ([3]),

De bhrí gur de bhun Airteagal 4 de na Rialacháin Foirne, cuirfear poist fholmha in institiúid in iúl d'fhoireann na hinstitiúide sin a luaithe agus a chinneann an t-údarás ceapacháin go bhfuil an folúntas le líonadh, agus, mura féidir folúntas a líonadh le haistriú, ceapachán chuig post i gcomhréir le hAirteagal 45a de na Rialacháin Foirne nó ardú céime, cuirfear in iúl é d'fhoireann na n-institiúidí eile, agus/nó eagrófar comórtas inmheánach, i gcomhréir leis na nósanna imeachta leagtha síos in Airteagal 29 de na Rialacháin Foirne;

De bhrí gur de bhun Airteagal 7 de na Rialacháin Foirne ní ghníomhóidh an t-údarás ceapacháin ach chun leasa na seirbhíse agus gan aird ar an náisiúntacht;

De bhrí gur de bhun Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne ní choimeádfar post ar bith do náisiúnaigh de chuid Ballstáit ar leith;

De bhrí ar ócáid aontachais na Cróite ar 1 Iúil 2013, molann an Coimisiún maolú ó na Rialacháin Foirne trí chead a thabhairt comórtais a eagrú i ndáil le roghnú na n-oifigeach ón gCróit ar bhonn náisiúnta agus trí chead a thabhairt poist fholmha a líonadh le náisiúnaigh na Cróite gan poist fholmha a fhógairt laistigh de na hinstitiúidí;

De bhrí go molann an Coimisiún go mbeidh feidhm leis na maoluithe seo *mutatis mutandis* i ndáil le hearcú náisiúnaigh na Cróite mar chomhaltaí foirne sealadacha;

De bhrí go molann an Coimisiún go mbeidh feidhm leis na maoluithe ó dháta aontachais iarbhír na tíre ábhartha go dtí 30 Meitheamh 2018,

([1]) Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), ag leagan síos Rialacháin Foirne Oifigigh an Chomhphobail Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62).

([2]) COM(2012) 377 final.

([3]) Tuairim Uimh. 5/2012 (IO C 205, 12.7.2012, lch. 1), Tuairim Uimh. 3/2006 (IO C 273, 9.11.2006, lch. 1), Tuairim Uimh. 1/2004 (IO C 75, 24.3.2004, lch. 1), Tuairim Uimh. 5/2003 (IO C 224, 19.9.2003, lch. 11).

TAR ÉIS GLACADH LEIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS:

Níl aon ráitis ag an gCúirt i ndáil le moladh an Choimisiúin.

Bhí an tuairim seo glactha ag Seomra IV, faoi cheannas an tUas. Louis GALEA, Comhalta na Cúirte Iniúchóirí, i Lucsamburg ag a chruinniú an 23 Deireadh Fómhair 2012.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí
Vítor Manuel da SILVA CALDEIRA
Uachtarán